Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2024
(OR. en)

7707/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0037(NLE)**

**RECH 122
COTRA 22**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Ceanada, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir de chuid an Aontais |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Ceanada, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir de chuid an Aontais**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 186 agus 212, i gcomhar le hAirteagal 218(5), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí litir dar dáta an 21 Meitheamh 2021, léirigh Ceanada a spéis fhoirmiúil a bheith nasctha le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ('an Clár Fís Eorpach').

(2) An 9 Meán Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/1526[2], lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ceanada, thar ceann an Aontais, maidir le comhaontú i dtaca leis na prionsabail ghinearálta le haghaidh rannpháirtíocht Cheanada i gcláir an Aontais agus comhlachas Cheanada le Fís Eorpach.

(3) Cuireadh an chaibidlíocht i gcrích, agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Ceanada, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir de chuid an Aontais ('an Comhaontú') an 17 Samhain 2022. Fógraíodh tabhairt i gcrích na caibidlíochta go hoifigiúil ag cruinniú mullaigh idir AE-Cheanada a tionóladh an 23 agus an 24 Samhain 2023 in St John's, Ceanada.

---

[1] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1.).

[2] Cinneadh (AE) 2022/1526 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ceanada maidir le Comhaontú maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear rannpháirtíocht Cheanada i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Cheanada le Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) (IO L 237, 14.9.2022, lch. 17).

(4) D'fhonn creat a bheidh ann ar feadh i bhfad le haghaidh comhar idir an tAontas agus Ceanada a bhunú, leagtar amach sa Chomhaontú na téarmaí agus coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir nó gíomhaíochtaí de chuid an Aontais a osclaítear le haghaidh rannpháirtíocht Cheanada i gcomhréir leis na bunghníomhartha lena mbunaítear na cláir nó gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais. Faoin gComhaontú, déanfaidh an tAontas bearta comhair le Ceanada de bhun Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(5) De bhun Airteagal 1 den Chomhaontú, tá na téarmaí agus coinníollacha sonracha is infheidhme maidir le rannpháirtíocht Cheanada in aon chlár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais faoi réir ghlacadh na bprótacal a ghabhann leis an gComhaontú.

(6) De bhun Airteagal 3(3) den Chomhaontú, leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht Cheanada sa Chlár Fís Eorpach sa Phrótacal maidir le comhlachas Cheanada le Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) ('an Prótacal maidir le comhlachas Cheanada le Fís Eorpach').

(7) I gcomhréir leis an sainordú ón gComhairle, rinneadh an Prótacal maidir le comhlachas Cheanada le Fís Eorpach a chaibidil i gcomhthreo leis an gComhaontú agus, de bhun Airteagal 19(14) den Chomhaontú, is cuid dhílis den Chomhaontú é. Ba cheart do Cheanada páirt a ghlacadh mar thír chomhlachaithe i gColún II (Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach) den Chlár Fís Eorpach.

(8) Comhlíonann Ceanada na critéir a leagtar amach in Airteagal 16(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/695.

(9) Comhlíonann an Comhaontú Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2021/695, lena gceanglaítear go mbeidh comhlachas na dtríú tíortha leis an gClár Fís Eorpach faoi Airteagal 16(1), pointe (d), den Rialachán sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú lena gcumhdaítear rannpháirtíocht tíre nó críche den sórt sin in aon chlár de chuid an Aontais, ar choinníoll go gcomhlíonann an comhaontú an méid seo a leanas: go n-áirithítear leis cothromaíocht chóir maidir le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá ag glacadh páirt i gcláir de chuid an Aontais; go leagtar síos leis coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair, agus a gcostais riaracháin; nach dtugtar leis aon chumhacht chinnteoireachta don tríú tír i ndáil leis an gclár de chuid an Aontais; agus ráthaítear leis cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

(10) Ba cheart an Comhaontú a shíniú.

(11) D'fhonn comhar tráthúil idir an tAontas agus Ceanada a áirithiú i réimse an taighde, na forbartha teicneolaíche agus na nuálaíochta, mar aon le rannpháirtíocht eintitis Cheanada sa Chlár Fís Eorpach a cheadú, ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go gcuirfear i gcrích na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(12) I gcomhréir leis na Conarthaí, ba cheart don Choimisiúin síniú an Chomhaontuithe a áirithiú, faoi réir a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear, thar ceann an Aontais, síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Ceanada, de pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir de chuid an Aontais ('an Comhaontú') an …, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí[3+].

*Airteagal 2*

Áiritheoidh an Coimisiún síniú an Chomhaontuithe, faoi réir a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 3*

Cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de, go dtí go gcuirfear i gcrích na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

*Airteagal 4*

Tabharfaidh an Coimisiún an fógra dá bhforailtear in Airteagal 19(2) den Chomhaontú thar ceann an Aontais.

---

**3** Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, …, ELI: …

\+ IO: Cuir isteach, le do thoil, na tagairtí IO do dhoiciméad ST 7711/24 san fhonóta thuas.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*